2018. M69T

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2018

# EALAÍN

## Sceitseáil Beo-Ábhair

### Ardleibhéal

Tá 50 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 12.5% den mharc iomlán ar an Ealaín

**Dé Luain, 30 Aibreán – Dé hAoine, 11 Bealtaine   Fad: uair an chloig**

Tá an páipéar seo le tabhairt do na hiarrthóirí **Dé Luain, 16 Aibreán**

### Treoracha do na Múinteoirí Ealaíne agus do na Feitheoirí

Dhá sceitse den chuspa atá sa scrúdú. Staidiúir a mhairfidh cúig nóiméad déag atá sa chéad sceitse. Líníocht a mbeidh bailchríoch níos iomláine uirthi de staidiúir a mhairfidh tríocha nóiméad atá sa dara sceitse.

**Níl éadaí speisialta ag teastáil le haghaidh an chuspa. Má tá gruaig fhada ar an gcuspa, ní mór í a cheangal siar le linn an dá staidiúir.**
**Tá na frapaí seo a leanas ag teastáil:**

- **scuab urláir**
- **cathaoir**
- **cupán agus fochupán.**

Beidh cead ag an gcuspa suas le cúig nóiméad déag a ghlacadh mar thréimhsí sosa de réir mar a theastaíonn le linn an scrúdaithe. Tá na tréimhsí sosa san áireamh san uair an chloig san iomlán atá ceadaithe don scrúdú.

Tá cead ag na hiarrthóirí leanúint orthu ag obair ar a gcuid líníochtaí le linn thréimhsí sosa an chuspa agus le linn an tsosa idir na staidiúirí.

Níl cead níos mó ná deichniúr iarrthóirí a bheith le haon chuspa amháin agus iad i mbun líníochta. Níl cead ag na hiarrthóirí radharc ó chúl an chuspa a tharraingt. Tá cead ag iarrthóirí suí níos cóngaraí don chuspa le linn an dara staidiúir más mian leo.

## Treoracha do na hiarrthóirí

Ní mór duit **dhá** líníocht a dhéanamh den chuspa mar seo a leanas:

(a) Staidiúir 15 nóiméad a bhfuil cur síos uirthi sa scrúdpháipéar seo a bheidh sa chéad cheann, **(a) An Chéad Staidiúir**, agus ní mór líníocht den fhíor iomlán a tharraingt.

(b) Líníocht a mbeidh bailchríoch níos iomláine uirthi den staidiúir a bhfuil cur síos uirthi sa scrúdpháipéar seo, a bheidh sa dara ceann, **(b) An Dara Staidiúir**. 30 nóiméad a mhairfidh an staidiúir. Tá cead agat an fhíor iomlán **nó** leathfhíor a roghnú.

**N.B.** Má roghnaíonn tú leathfhíor a dhéanamh, ní mór duit an staidiúir a tharraingt mar atá sí socraithe agus an cloigeann, an muineál, na guaillí, uachtar na ngéag, na huillinneacha agus na lámha a bheith san áireamh.

- Ní mór duit an líníocht a tharraingt ó bheith ag breathnú go díreach ar an gcuspa (ón tosach nó ón taobh).
- Tá cead agat leanúint ort ag obair ar do líníocht le linn thréimhsí sosa an chuspa agus le linn an tsosa idir na staidiúirí.
- Méid an pháipéir: A2. Ná hathraigh méid na bileoige A2.
- Más mian leat páipéar eile a úsáid seachas an páipéar a sholáthraítear, ní mór don fheitheoir an bhileog sin a shíniú **sula dtosaíonn** an scrúdú agus dearbhú nach raibh aon rud uirthi.
- Ní mór bileog ar leith a úsáid do gach staidiúir.
- Scríobh do scrúduimhir agus leibhéal an scrúdaithe go soiléir ar gach bileog.
- Tá cead agat aon mheán oiriúnach líníochta a úsáid, dath san áireamh. Ní mór don mheán a roghnaíonn tú triomú go tapa, áfach.
- Tá cead agat breacléiriú a thabhairt ar an gcúlra.
- **Ná déan do shaothar críochnaithe a bhearradh ná a fheistiú.**

## (a) An Chéad Staidiúir – Fad 15 nóiméad (20 marc)

**An cuspa ina s(h)easamh agus**

- an chos chlé chun tosaigh beagán, meáchan an choirp anuas ar an gcos dheas
- uachtar an choirp cromtha chun tosaigh beagán
- greim ag na lámha ar scuab urláir réidh chun an t-urlár a scuabadh
- an lámh dheas os cionn na láimhe clé ar chos na scuaibe
- an cloigeann ag féachaint síos ar an urlár chun tosaigh

## (b) An Dara Staidiúir – Fad 30 nóiméad (30 marc)

**An cuspa ina s(h)uí ceartdíreach ar chathaoir agus**

- na cosa trasna ar a chéile ag na rúitíní, géaga na gcos sínte chun tosaigh
- na huillinneacha lúbtha agus na lámha ar airde an chliabhraigh
- greim ag an lámh chlé ar chupán agus fochupán
- greim ag an lámh dheas ar chluas an chupáin
- an cloigeann claonta ar dheis, ag féachaint chun tosaigh

Leathanach Bán

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2018

# EALAÍN

## Stair agus Léirthuiscint na hEalaíne

### Ardleibhéal

Tá 150 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 37.5% de na marcanna iomlána ar an Ealaín

**Déardaoin, 14 Meitheamh Tráthnóna, 2:00 – 4:30**

## Treoracha

Freagair **trí** cheist mar seo a leanas: ceist amháin as Roinn I (An Ealaín in Éirinn), ceist amháin as Roinn II (Ealaín na hEorpa 1000 AD - An Lá Inniu) agus ceist amháin as Roinn III (Léirthuiscint na hEalaíne).

Tá na ceisteanna uile ar cómharc (50).

Ba chóir sceitsí agus léaráidí a úsáid chun do chuid pointí a léiriú.

Déan tagairt, de réir mar a chuirtear sin in iúl, do na ***léaráidí atá ar an mbileog a ghabhann leis an bpáipéar seo***.

## Roinn I – An Ealaín in Éirinn

**1.** Ainmnigh agus déan cur síos agus plé ar an **dá** dhéantúsán ***atá léirithe ar an mbileog leis seo***. Bíodh tagairt agat i do fhreagra don ré ina ndearnadh iad, agus do na gnéithe foirm, feidhm, maisiú agus na teicnící ar baineadh úsáid astu ina ndéantús.
**agus**
Déan cur síos agus plé achomair ar dhéantúsán ainmnithe **amháin** eile ón ré seo in Éirinn.
*Léirigh do fhreagra*.

**2.** Tá na déantúsáin chloiche iontacha ó ré na hArd-Chríostaíochta ann mar thoradh ar na forbairtí ar struchtúr agus ar mhaisiú na snoíodóireachta cloiche a rinneadh ón 6ú haois ar aghaidh.
Pléigh an ráiteas seo agus déan tagairt do **dhá** chros chloiche ainmnithe a bhfuil staidéar déanta agat orthu. Bíodh tagairt agat i do fhreagra d'fhoirm, struchtúr agus mhaisiú gach ceann de na samplaí atá roghnaithe agat.
**agus**
Déan cur síos agus plé achomair ar na feidhmeanna a bhí ag na hArdchrosa in Éirinn.
*Léirigh do fhreagra*.

**3.** Bhain ealaín mhaisithe na lámhscríbhinní barr feabhais amach san 8ú haois nuair a cruthaíodh Leabhar Cheanannais.
Pléigh an ráiteas seo agus déan tagairt don ***léaráid atá ar an mbileog leis seo***. Bíodh tagairt agat i do fhreagra don ábhar, don chomhdhéanamh, do na dathanna, do na bunábhair agus do na teicnící ar baineadh úsáid astu ina déantús.
**agus**
Déan cur síos agus plé achomair ar lámhscríbhinn ainmnithe **amháin** eile de chuid na hÉireann a ndearna tú staidéar uirthi.
*Léirigh do fhreagra*.

**4.** Déan cur síos agus plé ar na gnéithe ailtireachta d'fhoirgneamh ainmnithe Éireannach **amháin** sa stíl Phallaidiach agus ainmnigh a ailtire(ailtirí). Bíodh tagairt agat i do fhreagra don struchtúr, don leagan amach agus do ghnéithe ailtireachta an fhoirgnimh.
**agus**
Déan cur síos agus plé achomair ar **dhá** ghné choitianta den mhaisiú inmheánach i bhfoirgneamh Seoirseach ainmnithe eile in Éirinn.
*Léirigh do fhreagra.*

**5.** Is dealbhóireacht phoiblí chuimhneacháin thaibhseach é "**Leacht Uí Chonaill**" le John Henry Foley (1818-1874) ***atá léirithe ar an mbileog leis seo.***
Pléigh an saothar seo agus déan tagairt don ábhar, don chomhdhéanamh, don fhoirm, don stíl agus don suíomh.
**agus**
Déan cur síos agus plé achomair ar shampla ainmnithe **amháin** eile de dhealbhóireacht phoiblí Éireannach a ndearna tú staidéar uirthi.
*Léirigh do fhreagra.*

**6.** Is é tírdhreach iarthar na hÉireann, gearrtha siar go bunriachtanais na foirme agus an datha, bun agus barr obair ealaíne Paul Henry (1876-1958).
Pléigh an ráiteas seo i dtaca le "**Tráthnóna i gCiarraí**" ***atá léirithe ar an mbileog leis seo.***
Bíodh tagairt i do fhreagra agat don ábhar, don chomhdhéanamh, don stíl agus do na dathanna.
**agus**
Déan cur síos agus plé achomair ar shaothar ainmnithe **amháin** eile le Paul Henry.
*Léirigh do fhreagra*.

**7.** Roghnaigh duine **amháin** díobh seo a leanas:
- James Arthur O'Connor (1792-1841)
- Frederic William Burton (1816-1900)
- Sarah Purser (1848-1943)
- Roderic O'Conor (1860-1940)
- John Behan (r.1938)
- Dorothy Cross (r.1956)
- Geraldine O'Neill (r.1971).

Déan cur síos agus plé ar shaothar an ealaíontóra a roghnaigh tú, agus déan tagairt mhionsonraithe do **dhá** shaothar ainmnithe leis an ealaíontóir sin. Bíodh tagairt agat i do fhreagra don ábhar, don stíl, do na meáin/bunábhair, do na teicnící agus do thionchair.
*Léirigh do fhreagra.*

# Roinn II – Ealaín na hEorpa (1000 AD – An Lá Inniu)

**8.** Ba iad féidearthachtaí an dearaidh a bhain le teicnící nua tógála a thug an ealaín agus an ailtireacht le chéile in eaglaisí agus in ardeaglaisí na ré Gotaí.
Pléigh an ráiteas seo i dtaca le heaglais nó ardeaglais Ghotach ainmnithe **amháin** a ndearna tú staidéar uirthi. Bíodh tagairt i do fhreagra agat do theicnící, do struchtúr agus do mhaisiú.
**agus**
Déan cur síos agus plé achomair ar láimhseáil na fíorach daonna i ndealbhóireacht Ghotach ainmnithe **amháin**.
*Léirigh do fhreagra.*

**9.** Is fearr aithne ar Sandro Botticelli (c.1445-1510), ealaíontóir de chuid an Renaissance, as a ábhar miotaseolaíoch, a fhíoracha stílithe, a chuid scéalaíochta agus a shiombalachas.
Pléigh an ráiteas seo i dtaca le saothar ainmnithe **amháin** le Botticelli. Bíodh tagairt i do fhreagra don ábhar, don chomhdhéanamh, do na teicnící agus do láimhseáil na fíorach daonna.
**agus**
Déan cur síos agus plé achomair ar phictiúr ainmnithe **amháin** eile le Botticelli.
*Léirigh do fhreagra.*

**10.** Comhdhéanamh ábhalmhór is ea an mhír altóra "**Deastógáil na Maighdine**" le Titian (c. 1488-1576) ***atá léirithe ar an mbileog leis seo***. Léiríonn an dath agus an scála ann fuinneamh agus drámaíocht mhór mhothúchánach***.***
Pléigh an ráiteas seo agus déan tagairt don ábhar, don chomhdhéanamh, don stíl, do na dathanna, don solas agus do na teicnící.
**agus**
Déan cur síos agus plé achomair ar shaothar ainmnithe **amháin** le healaíontóir eile de chuid an Ard-Renaissance.
*Léirigh do fhreagra.*

**11.** Bhí radhairc as an ngnáthshaol lárnach i saothar Johannes Vermeer (1632-1675).
Pléigh an ráiteas seo i dtaca le "**Bean agus Meá ina Lámh**" ***atá léirithe ar an mbileog leis seo***. Bíodh tagairt i do fhreagra agat don ábhar, don chomhdhéanamh, don stíl, do na teicnící agus do láimhseáil na fíorach daonna.
**agus**
Déan cur síos agus plé achomair ar shaothar ainmnithe **amháin** eile le Vermeer.
*Léirigh do fhreagra.*

**12.** Thug Edouard Manet (1832-1883) dúshlán na smaointe traidisiúnta faoin ealaín ina shaothar. Pléigh an ráiteas seo i dtaca le "**Le Déjeuner sur l'Herbe**" ***atá léirithe ar an mbileog leis seo*** agus bíodh tagairt i do fhreagra agat don ábhar, don chomhdhéanamh, do na dathanna, don stíl agus do na teicnící.
**agus**
Déan cur síos agus plé achomair ar shaothar ainmnithe **amháin** eile le Manet.
*Léirigh do fhreagra*.

**13.** Léiríonn "**Mont Sainte-Victoire**" le Paul Cézanne (1839-1906), ***atá léirithe ar an mbileog leis seo,*** cur chuige anailíseach i dtaca leis an dúlra mar aon le tuiscint dhomhain ar fhoirm agus ar dhathanna.
Pléigh an ráiteas seo agus bíodh tagairt i do fhreagra agat don ábhar, don chomhdhéanamh, don fhoirm, do na dathanna agus do na teicnící.
**agus**
Déan cur síos agus plé achomair ar thionchar Cézanne ar ealaíontóirí an 20ú haois.
*Léirigh do fhreagra.*

**14.** Freagair (a), (b), agus (c).

(a) Roghnaigh agus ainmnigh saothar le duine **amháin** díobh seo a leanas:

- Brunelleschi (1377-1446)
- Peter Paul Rubens (1577-1640)
- Caravaggio (1571-1610)
- Auguste Rodin (1840-1917)
- Lucian Freud (1922-2011).

(b) Déan cur síos agus plé mionsonraithe ar an saothar atá roghnaithe agat agus bíodh tagairt agat don ealaíontóir, don ábhar, don stíl, don chomhdhéanamh, do na bunábhair, do na teicnící agus don ré ina ndearnadh an saothar.

(c) Ainmnigh agus déan cur síos agus plé achomair ar shaothar **amháin** eile leis an ealaíontóir a roghnaigh tú.

*Léirigh do fhreagra*.

**15.** Freagair (a), (b), agus (c).

(a) Pléigh forbairt ceann **amháin** de na stíleanna nó de na gluaiseachtaí ealaíne seo thíos:

- Impriseanachas
- Fóbhachas
- Osréalachas
- De Stijl.

(b) Pléigh príomhthréithe na stíle nó na gluaiseachta a roghnaigh tú.

(c) Déan cur síos agus plé ar shaothar ainmnithe **amháin** le healaíontóir ainmnithe a bhfuil a s(h)saothar ina eiseamláir thipiciúil den stíl nó den ghluaiseacht seo.

*Léirigh do fhreagra*.

# Roinn III - Léirthuiscint na hEalaíne

**16.** Is é an phríomhaidhm atá le dearadh gailearaí, músaeim nó ionad léirmhíniúcháin ná spás a chruthú d'idirghníomhú daoine le saothair ealaíne/déantúsáin.
Pléigh an ráiteas seo i dtaca le gailearaí, nó músaem nó ionad léirmhíniúcháin ainmnithe ar thug tú cuairt air. Déan cur síos agus plé i do fhreagra ar **dhá** shaothar ainmnithe agus déan tagairt do na slite a ndeachaigh úsáid an spáis seo i gcion ar d'idirghníomhú leis na saothair seo.
**agus**
Tabhair breac-chuntas achomair ar do choincheapa amhairc maidir le leagan amach taispeántas scoile de shaothar ealaíne na mac léinn. Tabhair cúiseanna leis na cinntí dearaidh a dhéanann tú.
*Léirigh do fhreagra*.

**17.** Gné bhunúsach i bhforbairt na gcarachtar i scannán is ea obair an dearthóra feistis.
Pléigh an ráiteas seo i dtaca leis na feistis i scannán beo-aicsin ainmnithe **amháin** agus déan tagairt i do fhreagra do na coincheapa, do na bunábhair, do na dathanna agus dá n-éifeacht fhísiúil.
**agus**
Tabhair breac-chuntas achomair ar do choincheapa amhairc maidir le dearadh feistis do charachtar ainmnithe bunaithe ar úrscéal nó ar dhráma ar do chúrsa Ardteistiméireachta.
*Léirigh do fhreagra.*

**18.** Ba chóir go mbeadh dearadh clúdach leabhair mar fhorleathnú ar ghlór an scríbhneora nó an údair agus an t-ábhar, an t-atmaisféar agus a bhfuil sa leabhar á gcur in iúl aige.
Pléigh an ráiteas seo agus tagairt agat don ***léaráid atá ar an mbileog leis seo****.* Bíodh tagairt i do fhreagra agat do na híomhánna, don leagan amach, don chlóghrafaíocht agus don dath.
**agus**
Tabhair breac-chuntas achomair ar do choincheapa amhairc do chlúdach leabhair faoi do cheantar áitiúil.
*Léirigh do fhreagra*.

**19.** Féadann dearadh nua-aimseartha táirgí a bheith samhlaíoch agus nuálach agus, ag an am céanna, feidhmiúil.
Pléigh an ráiteas seo agus tagairt agat do na híomhánna ***atá léirithe ar an mbileog leis seo****.*
Bíodh tagairt agat i do fhreagra don fhoirm, don fheidhm, don dhath, don stíl agus do na bunábhair.
**agus**
Tabhair breac-chuntas achomair ar do choincheapa amhairc faoi choinne eagraí deisce do mhac léinn. Tabhair cúiseanna leis na cinntí dearaidh a dhéanann tú.
*Léirigh do fhreagra.*

**20.** Is é an cuspóir atá le páirceanna poiblí agus spásanna glasa a dhearadh agus a thírdhreachtú i mbailte móra agus i gcathracha ná fóntas a chur ar fáil le húsáid ag an bpobal go léir. Pléigh an ráiteas seo agus ta.gairt agat do pháirc nó do spás glas **amháin** a bhfuil eolas agat air. Bíodh tagairt agat i do fhreagra don suíomh, don fheidhm agus do an háiseanna atá curtha ar fáil.
**agus**
Tabhair breac-chuntas achomair ar do choincheapa amhairc faoi choinne láthair suí agus/nó láthair itheacháin atá le cur sa pháirc nó sa spás glas a roghnaigh tú.
Tabhair cúiseanna leis na cinntí dearaidh a dhéanann tú.
*Léirigh do fhreagra.*

Leathanach Bán

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2018

# Ealaín

# Treoir don Obair Chúrsa

Cumadóireacht Shamhlaíoch **nó** Ábhar Neamhbheo

**agus**

Ceardaíocht **nó** Dearadh

Ardleibhéal **agus** Gnáthleibhéal

Tá 200 marc ag gabháil le comhpháirt na hoibre cúrsa, i.e. 50% de na marcanna iomlána ar an Ealaín

Ba chóir an treoir seo chomh maith le Leabhar Oibre na hOibre Cúrsa CSS a thabhairt d'iarrthóirí

**Dé Luain, 8 Eanáir**

Ba chóir 30 uair, ar a laghad, de theagmháil ranga a chur ar fáil chun comhpháirt na hoibre cúrsa a dhéanamh taobh istigh de thréimhse na ndeich seachtaine.

**Ní mór an obair ar fad a bheith críochnaithe faoin Aoine, 23 Márta**

## Treoracha d’iarrthóirí

1. Is **ort féin** mar iarrthóir atá an fhreagracht as cloí leis na treoracha seo. Má theipeann ort cloí leis na treoracha seo, **ní bheidh** do mhúinteoir Ealaíne in ann d’obair chúrsa a bhailíochtú agus a s(h)íniú a chur léi. Sa chaoi go mbeidh do mhúinteoir Ealaíne in ann do chuid oibre a bhailíochtú, ní mór duit obair chúrsa a roghnú is féidir a chur í gcrích laistigh den am faoi mhaoir seacht atá ar fail ar scoil agus í a dhéanamh leis na hábhair agus leis an trealamh atá ar fáil sa scoil.

2. Ní mór do do chomhpháirt den obair chúrsa na riachtanais atá sonraithe sa Threoir don Obair Chúrsa a chomhlíonadh.

3. Ní mór d’obair chúrsa a chríochnú faoin dáta atá luaite sa Threoir don Obair Chúrsa Ealaíne Ardteistiméireachta.

4. Is den riachtanas é go mbeadh **dhá** shaothar curtha i gcrích san obair chúrsa chríochnaithe a chuireann tú isteach le haghaidh measúnaithe **agus** ní mór a bhforbairt bheith taifeadta sa Leabhar Oibre na hOibre Cúrsa. Ní mór an fiosrú agus an fhorbairt, a rinne tú ar do rogha téama, a thaifeadadh i do leabhar oibre.

5. **Ní mór duit** bheith ag obair go díreach isteach sa Leabhar Oibre na hOibre Cúrsa. Ba chóir d’fhiosruithe amhairc, do smaointe agus do thurgnaimh go léir bheith léirithe ar leathanaigh do leabhair oibre. Ba chóir go mbeadh cuntas ann ar an turas a rinne tú ón chéad smaoineamh go dtí gur cuireadh i gcrích é.

6. **Ní cóir** do leabhar oibre ná do shaothair chríochnaithe a thabhairt amach as an scoil ar chúinse ar bith nó má thugtar measfar d’obair chúrsa a bheith neamhbhailí agus ní bhronnfar aon mharcanna ort.

7. Is den riachtanas é gurb é do chuid oibre **bunúsaí féin** a bhéas san obair chúrsa a chuireann tú isteach le haghaidh measúnaithe. Ní ghlactar le hobair ghrúpa le haghaidh measúnachta.

8. Ba choir go mbeadh taifead i do leabhar oibre de phróiseas an dearaidh agus na forbartha agus ba chóir go léireodh sé na **céimeanna** a thug tú chun do chuid oibre **a fhorbairt** agus a chur i gcrích. Ba cheart duit freisin moladh faoi choinne do dhá shaothar chríochnaithe a dhéanamh chomh maith.

9. **Ní mór duit foinsí príomha a úsáid.** Is é atá i gceist le foinsí príomha nó foinsí fisiceacha nó coincheapúla a bhreathnaítear ina mbunchruth agus nach gcuirtear in iúl trí idirmhíniú duine eile. Tá cead agat meascán d’fhoinsí fisiceacha agus d’fhoinsí coincheapúla a úsáid (agus tú ag obair ó do shamhlaíocht, ó chuimhne nó ó do mhothúcháin).

10. Más mian leat foinsí tánaisteacha a úsáid níor chóir duit iad a úsáid ach amháin mar thionchar nó mar inspioráid agus ba chóir duit iad a chur ar an mBileog an Taighde Tosaigh. Ní mór cúis a bheith agat le foinsí tánaisteacha a chur san áireamh: le féachaint conas a úsáideann daoine eile ábhair, teicnící, dromchlaí, gnéithe den ealaín nó den chumadóireacht. Ní mór duit aitheantas a thabhairt d’aon fhoinsí tánaisteacha agus na sonraí tagartha iomlána a thabhairt.

11. Má dhéantar ábhar (foinsí tánaisteacha) a chóipeáil go díreach ón ngréasán domhanda nó ó fhoinsí eile, agus má chuirtear i láthair mar do chuid oibre féin é, ní bhronnfar aon mharcanna ort as an obair sin.

12. Staidéar a dhéanamh lasmuigh den seomra ranga: is ceadmhach roinnt sceitsí a dhéanamh agus roinnt grianghraf a thabhairt isteach sa rang ach is sa rang Ealaíne faoi mhaoirseacht do mhúinteora Ealaíne ba chóir an fhorbairt a dhéanamh. Ba chóir do na staidéir nó don grianghrafadóireacht a taifeadadh lasmuigh de ranganna faoi mhaoirseacht a bheith ar Bhileog Forbartha 1 **amháin**. Ba choir a laghad a dhéanamh lasmuigh den seomra ranga agus is féidir. Ní mór do do mhúinteoir Ealaíne an obair a dhéantar lasmuigh den seomra ranga a bhailíochtú mar do chuid oibre féin sula gcuirtear isteach mar obair chúrsa í. Ní mór an obair a thugann tú isteach sa scoil a bheith ar an leibhéal céanna agus den chaighdeán céanna leis an obair a dhéanann tú faoi mhaoirseacht an mhúinteora Ealaíne.

13. Féadhfaidh samplaí d'obair thrialach a rinne tú féin sa seomra ealaíne le linn thréimhse an tionscadail a chur isteach i do leabhar oibre, ar nós greamanna bróidnéireachta ar fhabraic, meascán dathanna, trialacha uigeachta, trialacha ar chúldathanna éagsúla, do ghrianghraif agus nótaí scríofa féin. Ba chóir go mbeadh na samplaí (cúldathanna agus obair thrialach, etc.) a ghreamaíonn tú isteach beag go leor go mbeidh dóthain spáis agat le bunús na hoibre a dhéanamh go díreach ar an leabhar oibre.

14. Ní mór duit do scrúduimhir a chur ar an leabhar oibre na hoibre cúrsa agus ar do shaothair chríochnaithe ach úsáid a bhaint as na lipéid atá curtha ar fáil.

15. Le go mbeidh do mhúinteoir Ealaíne in ann d'obair chúrsa a bhailíochtú agus chun a chinntiú go mbeidh na coinníollacha céanna i bhfeidhm i gcás na hiarrthóirí go léir, ní mór an leabhar oibre na hoibre cúrsa agus na saothair chríochnaithe a dhéanamh ina n-iomláine sa scoil faoi mhaoirseacht an mhúinteora ranga.

16. Beidh ar do mhúinteoir Ealaíne agus ar Phríomhoide do scoile cáipéis a shíniú le dearbhú gur lean tú na treoracha seo. Bailíochtaítear do chuid oibre leis sin. Ní mór dóibh Coimisiún na Scrúduithe Stáit a chur ar an eolas murar lean tú na treoracha go léir.

17. Fiú má dhéanann an scoil an obair a fhíordheimhniú, má bhítear in amhras faoi chóipeáil, faoi chúnamh míchuí ó pháirtí eile, faoi bhradaíl nó go bhfuarthas obair ó pháirtí eile, déanfar sin a fhiosrú go mionchúiseach. Áit nach féidir le CSS obair chúrsa a dhearbhú mar obair aonair an iarrthóra é/í féin, déileálfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit leis go hiomchuí. Is minic a tharlaíonn dá thoradh sin go meastar an obair a chuirtear i láthair a bheith neamhbhailí agus ní áirítear na marcanna a bhronntar as obair dá leithéid nuair a bhíonn an toradh foriomlán a ríomh.

18. Is **ortsa** mar iarrthóir atá an fhreagracht as cloí le riachtanais an scrúdaithe. Mura sásaítear na riachtanais thuas, ní bheidh aon rogha ag do mhúinteoir Ealaíne ná ag údaráis na scoile ach sin a chur in iúl do Choimisiún na Scrúduithe Stáit.

***Nóta: tá na cúinsí inar féidir leis an Aire Oideachais agus Scileanna marcanna iarrthóra a choinneáil siar leagtha síos i "Rialacha agus Clár na Meánscoileanna". Is féidir aon duine a chabhraíonn le h-iarrthóir rialacha scrúduithe a bhriseadh, a ionchúiseamh faoin Acht Oideachais 1998.***

# Obair Chúrsa: Treoracha

## Réamhrá

1. Roghnaigh ceann amháin de na téamaí thíos agus bunaigh d'obair chúrsa ar an téama seo:
   **A. Bainteach le**
   **B. Cumha**
   **C. Siansa.**
2. Tá cead agat, más mian leat, an t-ábhar tacaíochta atá molta faoi gach ceann de na téamaí thíos a úsáid. Cuireann an t-ábhar tacaíochta seo in iúl réimsí féideartha fiosraithe taobh istigh den téama a bhféadfá spéis a chur iontu. Mar sin féin, níl iontu sin ach moltaí agus tá a lán cur chuige eile a d'fheadfá a úsáid agus atá gach pioc chomh baileach leo siúd.
3. Roghnaigh do chur chuige **féin** agus cruthaigh do chuid oibre **féin** bunaithe ar **do** rogha téama.

| Téama A | Téama B | Téama C |
|---|---|---|
| **Bainteach le** | **Cumha** | **Siansa** |
| *Ábhar Tacaíochta* | *Ábhar Tacaíochta* | *Ábhar Tacaíochta* |
| Tabhair le chéile nó i dteagmháil lena chéile ionas go gcruthaítear nasc réalaíoch. | Dúil aislingeach nó grá do thréimhse san am atá thart. | Rud ar bith ina bhfuil teaglamaí comhchuí d'eilimintí. |
| Línte cumhachta<br>Cumarsáid, líonraí<br>Gutháin<br>Meáin Sóisialta<br>Teaghlaigh, ginealas<br>Pobail, grúpaí, foirne<br>Eisimirce<br>Náisiúntacht, cultúr<br>Aerfoirt, bóithre, rianta<br>Cróise, cniotáil, greamanna<br>Féitheacha, artairí<br>Téada, ancairí<br>Staighrí, ardaitheoirí<br>Fisiceach, mothúchánach. | Retro, '*hipsters*'<br>Síos bóithrín na smaointe<br>Aislingeacht<br>Maoithneachas<br>Traidisiúin, scéalta<br>Seanda, seanré<br>Éadaí, oiriúintí<br>Seanghrianghraif<br>Irisí, ceirníní, vinil<br>Teicnidhath<br>Scannáin, póstaeir, fógraíocht<br>Spéaclaí rósimire<br>Óige, bréagáin, cluichí<br>Stíleanna, tionchair. | Grúpa, comhchoiteann, cór<br>Comhchuí, athfhillteach<br>Rithimí, béimeanna<br>Céadfaí, radhairc, fuaimeanna<br>Stiúrthóirí, cumadóirí, ceoltóirí,<br>Nádúr, ceol na n-éan<br>Macallaí, fuaimíocht, tonnta<br>Mionléirithe, ilchasta,<br>Cumasctha<br>Uirlisí, lámhscríbhinní<br>Amharclanna, ceolárais<br>Hallaí éisteachta<br>Blais, spící<br>Dathanna, pátrúin. |
| Henri Matisse<br>Le Danse, 1909 -1910 | Geraldine O'Neill<br>Baltasar on Giraffe, 2006 | Wassily Kandinsky<br>Fugue, 1914 |

## Forbairt

**Ní mór duit struchtúr dualgais Leabhar Oibre na hOibre Cúrsa a leanúint:**

1. **Bileog an Taighde Tosaigh** – taighde le haghaidh d'oibre cúrsa ar fad.

   - Déan taighde agus imscrúdú ar do rogha téama, taispeánfaidh an t-imscrúdú seo féidearthachtaí agus bealaí a d'fhéadfá leanúint le d'obair chúrsa.

2. **Bileoga Forbartha 1 & 2 do Roinn A agus Roinn B**.
   - Forbair smaointe ó do chuid taighde is imscrúdaithe agus úsáid á baint agat as an (na) (bh)foinse(í) príomha atá roghnaithe agat.
   - Fairsingigh agus déan tástáil ar na smaointe seo i slite éagsúla: amharc, anótáilte, meáinmheasctha, grianghrafach etc.
   - Nuair a bheidh tú sásta go bhfuil d'imscrúdú agus d'fhorbairt tar éis moltaí indéanta do Roinn **A** agus **B** a chur ar fáil, déan do mholtaí a sceitseáil ar an mBileog Forbartha ábhartha 2 (**A** nó **B**) agus gabh ar aghaidh agus déan do dhá shaothar chríochnaithe.

**Tá an próiseas taighde, imscrúdaithe agus forbartha riachtanach ionas go mbeidh tú ábalta an saothar ealaíne is fearr is féidir leat a chruthú.**

- **Ní mór duit ábhar ó fhoinse príomha bunaithe ar an téama atá roghnaithe agat a úsáid.**

- **Ba chóir duit oibriú go díreach ar do Leabhar Oibre na hOibre Cúrsa** ag baint úsáide as dhá thaobh na mbileog taighde agus forbartha.

- Ba chóir duit do smaointe a phlé le do mhúinteoir Ealaíne de réir mar a théann d'obair chúrsa ar aghaidh. Ach mar sin féin, ba chóir gurb é **do chuid oibre féin** gan chúnamh ó aon duine an obair ar fad a chuireann tú isteach.

- Roghnaigh obair chúrsa is féidir a chríochnú taobh istigh den am maoirsithe atá ceadaithe. Baintear úsáid as ábhair agus as fearas atá ar fáil sa scoil.

- Is féidir ábhair thaifeadta ó fhoinsí mar rudaí, daoine agus tírdhreacha a áireamh san imscrúdú agus san fhorbairt. Tá foinsí coincheapúla atá bunaithe ar smaointe agus ar shamhlaíocht ceadaithe freisin. Is ceadmhach teaglamaí foinsí a úsáid chomh maith. D'ainneoin na foinsí a imscrúdaíonn tú, ní mór duit an t-ábhar a ghineann tú ón imscrúdú seo a úsáid chun **do chuid oibre bunúsaí féin** a fhorbairt.

## Fíorú

Ní mór duit an obair chúrsa seo a leanas a chur isteach le haghaidh scrúdaithe:

1. Leabhar Oibre na hObibre Cúrsa an CSS comhlánaithe.
2. Saothar críochnaithe do Roinn **A** (Cumadóireacht Shamhlaíoch nó Ábhar Neamhbheo) mar atá rianaithe sa cheist atá roghnaithe agat.
3. Saothar críochnaithe do Roinn **B** (Ceardaíocht nó Dearadh) mar atá rianaithe sa cheist atá roghnaithe agat.
4. Ráiteas Réasúnaíochta do gach roinn.

**Tabhair do d'aire é seo a leanas:**

- Ba chóir duit do chuid ama a eagrú go cúramach agus do chuid oibre a bhainistiú ó chéim an chéad taighde, trí chéim na forbartha, go dtí cur i gcrích na saothar críochnaithe
- Ionas go mbeidh tú ábalta do chuid oibre a chur sna clúdaigh atá curtha ar fáil ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit ar an dáta luaite, ní mór do na hábhair a úsáideann tú bheith sách tirim, etc. ag deireadh thréimhse na hoibre cúrsa
- Níor chóir ábhair mheatacha a úsáid le haghaidh do chuid oibre agus ba chóir dóibh bheith sách láidir le deimhniú go mbeidh do chuid oibre slán le haghaidh phróiseas na marcála agus achomhairc.

## Roinn A

Roghnaigh **ceann amháin** díobh seo a leanas:

1. Déan **Cumadóireacht Shamhlaíoch** atá forbartha ón téama a roghnaigh tú. Is féidir le do shaothar bheith macasamhlach agus / nó teibí.

**nó**

2. Déan saothar **Neamhbheo** bunaithe ar ghrúpa rudaí a mholann do théama roghnaithe.

**Tabhair do d'aire é seo a leanas:**

- Ní mór duit an struchtúr atá i do leabhar oibre a úsáid chun forbairt a dhéanamh ar do shaothar críochnaithe do Roinn A
- Ba chóir an réasúnaíocht a bhaineann le do shaothar críochnaithe a lua ar leathanach cúil an leabhair oibre, agus ba chóir duit cur síos **i d'fhocail féin** ar an mbaint atá ag do smaoineamh leis an téama atá roghnaithe agat
- Scríobh d'uimhir scrúdaithe, leibhéal agus an teideal "Cumadóireacht Shamhlaíoch" nó "Ábhar Neamhbheo" ar chúl do shaothair chríochnaithe
- Tá cead agat oibriú le dath(anna), monacróm, meáin mheasctha, colláis nó meán oiriúnach ar bith eile
- Íosmhéid an tsaothair chríochnaithe: A3. Uasmhéid an tsaothair chríochnaithe: A2.

## Roinn B

Roghnaigh **ceann amháin** díobh seo a leanas:

1. Dear agus déan píosa **Ceardaíochta** bunaithe ar **cheann amháin** de na ceisteanna Ceardaíochta atá liostaithe.

**nó**

2. Cruthaigh **Dearadh** bunaithe ar **cheann amháin** de na ceisteanna Dearaidh atá liostaithe.

**Tabhair do d'aire é seo a leanas:**

- Ní mór duit an struchtúr atá i do leabhar oibre a úsáid chun an saothar críochnaithe do Roinn B a fhorbairt
- Ba chóir an réasúnaíocht a bhaineann le do shaothar críochnaithe a lua ar leathanach cúil an leabhair oibre, ag cur síos **i d'fhocail féin** ar an mbaint atá ag do smaoineamh leis an téama atá roghnaithe agat
- Scríobh d'uimhir scrúdaithe agus leibhéal ar chúl do shaothair chríochnaithe má tá do chuid oibre déthoiseach (2D)
- Más ceardaíocht tríthoiseach (3D) a dhéanann tú, greamaigh ceann de na lipéid atá curtha ar fáil go daingean di agus scríobh d'uimhir scrúdaithe agus leibhéal air
- Scríobh uimhir na Ceardaíochta **nó** Dearaidh a roghnaigh tú faoi d'uimhir scrúdaithe agus leibhéal.

## Ceardaíocht

Ní mór duit píosa ceardaíochta a dhearadh agus a dhéanamh bunaithe ar an téama atá roghnaithe agat.
Roghnaigh **ceann amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

| Ceist 1 | **Leabharcheardaíocht** |
|---|---|
| **Ceardaíocht** | Dear agus déan **ceann amháin** díobh seo a leanas bunaithe ar do rogha téama:<br>• comhad bosca<br>• vallait doiciméad<br>• fillteán. |
| Treoracha | Ba chóir go bhfeidhmeodh do phíosa críochnaithe ceardaíochta agus ba chóir go mbeadh meicníocht dúnta air. Ba chóir go gcuirfeadh a chruth do théama roghnaithe in iúl. |
| Ábhair | Éagsúlacht páipéar, cárta, ábhair cheangail, naisc, péinteanna, dúigh, ábhair cholláise, greamachán agus uirlisí cuí, etc. |
| Méid | An tUasmhéid: 40cm ar an toise is mó. |

| Ceist 2 | **Peannaireacht** |
|---|---|
| **Ceardaíocht** | Dear agus déan píosa peannaireachta comhaimseartha nó traidisiúnta bunaithe ar an téama a roghnaigh tú.<br>Roghnaigh **ceann amháin** díobh seo a leanas:<br>• dán<br>• giota téacs. |
| Treoracha | Dear agus déan píosa peannaireachta bunaithe ar **4 líne ar a laghad, de théacs nó ar thart ar 40 focal**. Tá cead agat téacs as foinse ar bith a roghnú ach ní mór baint a bheith aige le do théama. Tá cead agat cur chuige traidisiúnta agus/nó cur chuige nua-aimseartha peannaireachta a úsáid i do chuid oibre. Tá cead agat colláis, meáin mheasctha nó teicníc chuí ar bith eile a úsáid mar chuid den saothar. |
| Ábhair | Dromchla oiriúnach don obair pheannaireachta, éagsúlacht ábhar do cholláis, dúigh, péinteanna, pinn litreoireachta, scuaba, marcóirí peannaireachta, rialóir, crosbhacairt, etc. |
| Méid | An tÍosmhéid: A3, an tUasmhéid : A2. |

| Ceist 3 | **Póstaer** |
|---|---|
| **Ceardaíocht** | Dear agus déan **ceann amháin** díobh seo a leanas bunaithe ar an téama a roghnaigh tú:<br>• póstaer<br>• cárta taispeána. |
| Treoracha | Ní mór duit litreoireacht a úsáid i do chuid oibre. Is fearr litreoireacht phearsanaithe lámhdhéanta a úsáid agus ba chóir go gcuirfeadh an litreoireacht an topaic in iúl. Is fút féin atá sé cruth agus cineál an chárta fógraíochta a roghnú.<br>**Ba chóir d'iarrthóirí Ardleibhéal 20 carachtar (litreacha / uimhreacha) ar a laghad a úsáid**. |
| Ábhair | Rialóir, crosbhacart, páipéir chlláise, cárta, ábhair uigeacha, scuaba, greamachán, dúigh, péinteanna, meán ar bith eile a thriomaíonn go tapa, etc. |
| Méid | Póstaer; An tÍosmhéid: A3, An tUasmhéid: A2.<br>Níor chóir go mbeadh an cárta taispeána níos mó ná 60cm ar an toise is mó. |

| Ceist 4 | **Fíodóireacht** |
|---|---|
| **Ceardaíocht** | Dear agus déan **ceann amháin** díobh seo bunaithe ar an téama a roghnaigh tú:<br>• taipéis bhalla<br>• painéal do chúisín.<br>• taipéis. |
| Treoracha | Úsáid éagsúlacht ábhar agus teicnící san inneach. Úsáid dath, cruth, uigeachtaí agus patrún chun barr maise a chur ar do shaothar. Is ceadmhach meáin mheasctha a úsáid. |
| Ábhair | Dlúth a ullmhaíodh roimh ré ar sheol nó ar fhráma, éagsúlacht snátha, olla agus ábhar solúbtha atá oiriúnach don fhíodóireacht. |
| Méid | An tUasmhéid: A2. |

| Ceist 5 | **Blocphriontáil** |
|---|---|
| **Ceardaíocht** | Dear agus déan blocphrionta **amháin** bunaithe ar an téama a roghnaigh tú. |
| Treoracha | Tá cead agat dearadh a dhéanamh do phrionta aondathach **nó** do phrionta a mbeidh dhá dhath ar a laghad ann. Ba chóir saghsanna éagsúla gearrthacha a úsáid i do shaothar agus tuiscint chuimsitheach a léiriú ar airíonna na líonóilphriontála / blocphriontála. |
| Ábhair | Píosa(í) líonóile nó blo(i)c adhmaid (ag brath ar cé acu modh laghdaitheach nó bloc ar leith do gach dath a bheidh á úsáid agat), páipéar rianaithe, páipéar priontála, dúigh phriontála, uirlisí gearrtha agus priontála, etc. |
| Méid | An tÍosmhéid: 15cm × 20cm, An tUasmhéid: A3. |

| Ceist 6 | **Puipéadóireacht** |
|---|---|
| **Ceardaíocht** | Dear agus déan puipéad gléasta bunaithe ar an téama a roghnaigh tú.<br>Roghnaigh **ceann amháin** díobh seo a leanas:<br>• puipéad miotógach<br>• puipéad slaite<br>• puipéad ar iall. |
| Treoracha | Ba chóir go mbeadh do phuipéad oiriúnach do léirithe iomadúla. Ní mór don iarrthóir na baill choirp, na héadaí agus na hoiriúintí a dhéanamh. Ní ceadmhach baill choirp athchúrsála nó éadaí ó scrúdú eile roimhe seo nó obair ranga a úsáid. |
| Ábhair | Fabraic, snáth, ábhair uigeacha éagsúla, péinteanna, baill choirp déanta as cúr-rubar, adhmad, *papier maché* nó as ábhair chuí eile. |
| Méid | Níor chóir go mbeadh cabhail do phuipéid chríochnaithe níos mó ná 100 cm ar an toise is mó. |

| Ceist 7 | **Scáthlánphriontáil** |
|---|---|
| **Ceardaíocht** | Dear agus déan scáthlánphrionta **amháin** bunaithe ar an téama a roghnaigh tú. |
| Treoracha | Ní mór trí dhath phriontáilte, ar a laghad, a bheith san áireamh i do shaothar críochnaithe. Ní mór forphriontáil a bheith san áireamh i do dhearadh. |
| Ábhair | Fabraic, páipéar, scáthláin, ábhar stionsail, dúigh phriontála, cuimleoirí, téip chumhdaigh, etc. |
| Méid | Níor chóir go mbeadh do phrionta críochnaithe níos mó ná 100 cm ar an toise is mó. |

| Ceist 8 | **Teicstílí Lámhphriontáilte** |
|---|---|
| **Ceardaíocht** | Dear agus priontáil athphatrún **amháin** ar phíosa d'éadach oiriúnach bunaithe ar an téama a roghnaigh tú. |
| Treoracha | Ní mór trí dhath phriontáilte, ar a laghad, a bheith san áireamh i do shaothar críochnaithe. Ní mór forphriontáil a bheith san áireamh i do dhearadh.<br>Ba chóir duit na féidearthachtaí dearaidh a bhaineann le gluaiseacht, le sreabhadh agus le nascáil a mheas. |
| Ábhair | Fabraic, ábhar stionsail, bloic, ruaimeanna, dúigh, etc. |
| Méid | Níor chóir go mbeadh do phrionta críochnaithe níos mó ná 100 cm ar an toise is mó. |

| Ceist 9 | **Baitíc** |
|---|---|
| **Ceardaíocht** | Dear agus déan píosa **amháin** de bhaitíc bunaithe ar an téama a roghnaigh tú. |
| Treoracha | **Ní mór do bhaitíc a thumadh go hiomlán dhá uair ar a laghad le linn an phróisis**. Níor chóir lámhphéinteáil a úsáid ach amháin ar réimsí beaga mionsonraí. |
| Ábhair | Fabraic oiriúnach do bhaitíc, céir, ruaimeanna, *tjanting*, scuaba, iarann, etc. |
| Méid | Níor chóir go mbeadh do bhaitíc chríochnaithe níos mó ná 100 cm ar an toise is mó. |

| Ceist 10 | **Criadóireacht** |
|---|---|
| **Ceardaíocht** | Déan saothar ceirmeach bunaithe ar an téama a roghnaigh tú.<br>Roghnaigh **ceann amháin** díobh seo a leanas:<br>• soitheach agus claibín air<br>• dealbhóireacht cheirmeach<br>• painéal rilífe. |
| Treoracha | **Ní mór do shaothar a bhácáil** agus a mhaisiú le hábhair oiriúnacha mar shleamhnáin, glónraí agus ocsaídí. |
| Ábhair | Cré, trealamh cuí criadóireachta agus ábhair chuí. |
| Méid | An tUasmhéid : 40cm ar an toise is mó. |

| Ceist 11 | **Bróidnéireacht** |
|---|---|
| **Ceardaíocht** | Dear agus déan bróidnéireacht bunaithe ar an téama a roghnaigh tú.<br>Roghnaigh **ceann amháin** díobh seo a lean as:<br>• painéal bróidnithe<br>• dealbhóireacht bhog thríthoiseach<br>• píosa d'ealaín in-chaite. |
| Treoracha | Tá cead ag iarrthóirí cur chuige comhaimsearach agus / nó cur chuige traidisiúnta a ghlacadh i gcás cheardaíocht na bróidnéireachta. Úsáid trí ghreim éagsúla ar a laghad (greamanna láimhe agus/nó greamanna meaisín) agus teicnící éagsúla, e.g. feiltiú, stuáil, obair phaistí, *appliqué*, etc. |
| Ábhair | Ábhair éagsúla ar a n-áirítear nithe aimsithe, fabraicí, snáitheanna bróidnéireachta, cnaipí, coirníní, ribíní, seacainí, sreang, *papier maché*, etc. |
| Méid | An tUasmhéid: 50cm ar an toise is mó. |

| Ceist 12 | **Snoíodóireacht Adhmaid / Snoíodóireacht** |
|---|---|
| **Ceardaíocht** | Dear agus snoigh **ceann amháin** díobh seo a leanas bunaithe ar an téama a roghnaigh tú:<br>• saothar lánchumtha<br>• saothar i bhfoirm rilífe. |
| Treoracha | Tá an litreoireacht roghnach. Ba chóir duit na féidearthachtaí dearaidh a bhaineann le solas ag lonradh ar dhromchlaí agus ar phlánaí a chur san áireamh. |
| Ábhair | Adhmad, plástar nó ábhar oiriúnach ar bith eile, trealamh snoíodóireachta agus bailchríocha cuí. |
| Méid | An tUasmhéid: 40cm ar an toise is mó. |

| Ceist 13 | **Miotalóireacht / Tógáil** |
|---|---|
| **Ceardaíocht** | Dear agus déan **ceann amháin** díobh seo a leanas bunaithe ar an téama a roghnaigh tú:<br>• plaic chomórtha<br>• saothar saorsheasaimh<br>• píosa de sheodra in-chaite. |
| Treoracha | Tá an litreoireacht roghnach. Má tá struchtúr tríthoiseach (3D) de dhíth is ceadmhach taca/bonn a úsáid. |
| Ábhair | Ábhair chruanta, miotail do theicnící tógála, trealamh chun do dhearadh a chur i gcrích. |
| Méid | An tUasmhéid: 40cm ar an toise is mó. |

| Ceist 14 | **Múnlóireacht** |
|---|---|
| **Ceardaíocht** | Dear agus déan **ceann amháin** díobh seo a leanas bunaithe ar an téama a roghnaigh tú:<br>• píosa dealbhóireachta lánchumtha<br>• píosa dealbhóireachta i bhfoirm rilífe. |
| Treoracha | Ba chóir duit na féidearthachtaí dearaidh a bhaineann le solas ag lonradh ar dhromchlaí agus ar phlánaí a chur san áireamh. **Níor chóir an saothar a phéinteáil ná a ghlónrú**. Is ceadmhach armatúir agus boinn a úsáid. Is ceadmhach do shaothar a mhúnlú as plástar. |
| Ábhair | Is ceadmhach na múnlaí a dhéanamh as cré, as cré a thriomaíonn go tapa, as marla nó as ábhair ar bith eile atá oiriúnach do theicnící múnlóireachta. |
| Méid | An tUasmhéid: 40cm ar an toise is mó. |

## Dearadh

Ní mór duit An Moladh Dearaidh Deireanach a chruthú bunaithe ar an téama a roghnaigh tú.

**Tabhair do d'aire é seo a leanas:**

- Ní mór duit líníocht mhionsonraithe, toisí san áireamh, de do Mholadh Dearaidh Deireanach a dhéanamh. Ba chóir sonraí ábhar, teicnící, próisis déanta agus bhailchríche, óna bhféadfaí do dhearadh a chur i gcrích, bheith sa mholadh sin.

- Ba chóir duit eolas ar bith, a mheasann tú a bheith riachtanach chun do Mholadh Dearaidh Deireanach a chur in iúl, a chur san áireamh. Ba chóir tagairt ar leith a dhéanamh do ghnéithe amhairc, feidhmiúla agus ábhartha na ceardaíochta a roghnaigh tú.

- Ba chóir an Moladh Dearaidh Deireanach a chur i láthair i bhfoirm chuí chun an cheist a roghnaigh tú a fhreagairt, is ceadmhach gormchló, fréamhshamhail nó dearadh lámhdhéanta rindreáilte a úsáid.

- An tÍosmhéid: A3, An tUasmhéid : A2.

Roghnaigh **ceann amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

| Ceist 1 | **Litreoireacht agus Peannaireacht** |
|---|---|
| **Dearadh** | Roghnaigh **ceann amháin** díobh seo bunaithe ar an téama a roghnaigh tú:<br>• píosa de pheannaireacht ag léiriú dáin<br>• píosa de pheannaireacht le húsáid i gcomhartha ornáideach<br>• píosa de pheannaireacht le húsáid i leabhar do pháistí. |
| Treoracha | Cruthaigh dearadh do phíosa peannaireachta bunaithe ar **íosmhéid de 4 líne téacs nó thart ar 40 focal**. Is ceadmhach an téacs a mbaintear úsáid as a roghnú ó fhoinse ar bith ach ní mór baint a bheith aige le do théama. B'fhearr litreoireacht phearsantaithe lámhdhéanta, rindreáilte. Tá cead agat oibriú de réir scála. Ba chóir duit toisí a thaispeáint agus eolas cuí a thabhairt maidir le do rogha clóghrafaíocht, spásáil agus leagan amach, agus maidir leis an gcaoi a dtáirgfear do dhearadh. Tá cead agat íomhánna, móitífeanna ornáideacha, focail thromchiallacha agus litreoireacht a bheith ann. |
| Ábhair | Páipéar, pinn, péint, etc., ábhair pheannaireachta agus uirlisí. |

| Ceist 2 | **Líonóilghearradh agus Priontáil** |
|---|---|
| **Dearadh** | Roghnaigh **ceann amháin** díobh seo a leanas bunaithe ar an téama a roghnaigh tú:<br>• prionta líonóile le húsáid mar léiriú ar mhála siopadóireachta<br>• prionta líonóile le húsáid mar léiriú ar chlúdach leabhair<br>• prionta líonóile le húsáid mar léiriú ar phrionta mínealaíne. |
| Treoracha | Cruthaigh dearadh do phrionta líonóile a léireoidh tuiscint chuimsitheach ar airíonna na priontála líonóile, a cuid féidearthachtaí agus a cuid srianta. Ba chóir duit dearadh a dhéanamh do phrionta ar aon dath amháin **nó** do phrionta a bhfuil dhá dhath ar a laghad ann.<br>Ba chóir go léireodh do dhearadh críochnaithe eolas cuí faoin gcaoi a dtáirgfear do dhearadh, dathdhealuithe (más cuí) san áireamh, agus na saghsanna éagsúla gearrthacha atá le húsáid. |
| Ábhair | Páipéar, pinn, péint, etc., ábhair líonóilphriontála agus uirlisí. |

| Ceist 3 | **Fabraicphriontáil** |
|---|---|
| **Dearadh** | Dear **ceann amháin** díobh seo a leanas bunaithe ar an téama a roghnaigh tú:<br>• athphatrún a bheadh oiriúnach do sheomra súgartha páistí<br>• athphatrún a bheadh oiriúnach d'éadaí geimhridh<br>• athphatrún leath-thite a bheadh oiriúnach do scaraoid tábla. |
| Treoracha | Ba chóir go mbeadh do dhearadh oiriúnach do bhaitíc, do bhlocphriontáil, do scáthlánphriontáil nó do stionsalphriontáil ar fhabraic nó ar ábhar oiriúnach ar bith eile. Ba chóir duit trí dhath ar a laghad a úsáid agus féidearthachtaí dearaidh na forphriontála a chur san áireamh. Tá cead agat oibriú de réir scála agus ba chóir duit toisí a thaispeáint agus eolas cuí a thabhairt faoin gcaoi a dtáirgfear do dhearadh. |
| Ábhair | Páipéar, pinn, péint, etc., ábhair fhabraicphriontála agus uirlisí. |

| Ceist 4 | **Bróidnéireacht** |
|---|---|
| **Dearadh** | Dear **ceann amháin** díobh seo a leanas bunaithe ar an téama a roghnaigh tú:<br>• taipéis bhalla a bheadh oiriúnach do leabharlann<br>• painéal bróidnithe a bheadh oiriúnach do chulaith<br>• píosa d'ealaíne comhaimsearach inchaite. |
| Treoracha | Tá cead agat oibriú de réir scála agus ba chóir duit toisí a thaispeáint, agus eolas cuí a thabhairt maidir leis an gcaoi a dtáirgfear do dhearadh. Bíodh eolas san áireamh agat maidir le do rogha ábhar, greamanna, maisiú coirníneach agus teicnící atá le húsáid chun do dhearadh a chur i gcrích. |
| Ábhair | Páipéar, pinn, péint, etc., ábhair bhróidnéireachta agus uirlisí. |

| Ceist 5 | **Fíodóireacht** |
|---|---|
| **Dearadh** | Dear **ceann amháin** díobh seo a leanas bunaithe ar an téama a roghnaigh tú:<br>• taipéis bhalla a bheadh oiriúnach do fhorhalla scoile<br>• taipéis fhite a bheadh oiriúnach do chrágmhála<br>• teicstíl fhite le húsáid mar ruga. |
| Treoracha | Ba chóir go gcuirfí san áireamh i do dhearadh na féidearthachtaí dearaidh a bhaineann le dathanna agus le huigeacht agus go dtabharfaí eolas faoin bhfí agus faoi na hábhair atá le húsáid. Tá cead agat oibriú de réir scála agus ba chóir go dtaispeánfá toisí agus eolas cuí faoi na teicnící atá le húsáid chun do dhearadh a chur i gcrích. |
| Ábhair | Páipéar, pinn, péint, etc., ábhair fhíodóireachta agus uirlisí. |

| Ceist 6 | **Criadóireacht** |
|---|---|
| **Dearadh** | Dear **ceann amháin** díobh seo a leanas bunaithe ar an téama a roghnaigh tú:<br>• painéal in rilífe do chaifé<br>• dealbhóireacht cheirmeach d'áit phoiblí<br>• soitheach mór agus claibín air. |
| Treoracha | Tá cead agat oibriú de réir scála agus ba chóir go dtaispeánfá toisí agus go dtabharfá eolas cuí faoi na teicnící atá le húsáid i do dhearadh. Ba chóir go gcuirfí san áireamh i do dhearadh na féidearthachtaí dearaidh a bhaineann le cré, struchtúr, foirm agus uigeacht. Tabhair sonraí faoi na glónraí agus faoin maisiúchán atá le húsáid. |
| Ábhair | Páipéar, pinn, péint, etc., ábhair chriadóireachta agus uirlisí. |

| Ceist 7 | **Puipéadóireacht** |
|---|---|
| **Dearadh** | Dear **ceann amháin** díobh seo bunaithe ar an téama a roghnaigh tú:<br>• puipéad miotógach a bheadh oiriúnach le húsáid i léiriú taistil<br>• puipéad slaite le húsáid in amharclann puipéad<br>• puipéad de scála mór le húsáid i léiriú do pháistí. |
| Treoracha | Tá cead agat oibriú de réir scála agus ba chóir duit toisí a thaispeáint. Léirigh an chaoi a gcuirfear an puipéad le chéile agus an chaoi a bhfeidhmeoidh sé. Tabhair sonraí maidir leis na hábhair atá le húsáid agus maidir leis na teicnící maisiúcháin atá le húsáid chun do dhearadh a chur i gcrích. |
| Ábhair | Páipéar, pinn, péint, etc., ábhair phuipéadóireachta agus uirlisí. |

| Ceist 8 | **Leabharcheardaíocht** |
|---|---|
| **Dearadh** | Dear **ceann amháin** díobh seo bunaithe ar an téama a roghnaigh tú:<br>• fillteán bosca chun grianghraif seana agus gearrthacha a choinneáil ann<br>• comhad infhairsingithe chun bileoga ceoil a choinneáil ann<br>• fillteán doiciméad chun pleananna nó léarscáileanna a choinneáil ann. |
| Treoracha | Tá cead agat oibriú de réir scála. Ba chóir go dtaispeánfaí toisí ar do dhearadh críochnaithe, agus sonraí maidir leis na hábhair, na ceangail/na snaidhmeanna/an fearas dúnta, na híomhánna/an maisiúchán agus/nó an litreoireacht atá oiriúnach don rogha atá déanta agat. |
| Ábhair | Páipéar, pinn, péint, etc., ábhair leabharcheardaíochta agus uirlisí. |

| Ceist 9 | **Dearadh Fógraíochta** |
|---|---|
| **Dearadh** | Dear **ceann amháin** díobh seo a leanas bunaithe ar an téama a roghnaigh tú:<br>• clúdach leabhair do scéinséir<br>• póstaer d'fhéile<br>• aitheantóir grafach (lógó) do phictiúrlann. |
| Treoracha | **Ní mór duit litreoireacht a úsáid i do shaothar.** B'fhearr litreoireacht phearsantaithe lámhdhéanta, rindreáilte agus ba chóir go léireodh sí an téama a roghnaigh tú. Ba chóir go dtaispeánfaí toisí ar an dearadh críochnaithe agus go dtabharfaí eolas cuí maidir leis na teicnící a úsáidfear chun do dhearadh a chur i gcrích. |
| Ábhair | Páipéar, pinn, péint, etc., ábhair dhearaidh agus uirlisí. |

| Ceist 10 | **Múnlóireacht agus Snoíodóireacht** |
|---|---|
| **Dearadh** | Dear **ceann amháin** díobh seo a leanas bunaithe ar an téama a roghnaigh tú:<br>• painéal rilífe le cur ag an mbealach isteach go dtí gailearaí<br>• píosa de dhealbhóireacht shaorsheasaimh le húsáid mar dhuais<br>• píosa de dhealbhóireacht thríthoiseach le cur ag an mbealach isteach go dtí aerfort nó go dtí críochfort farantóireachta. |
| Treoracha | Tá cead agat dearadh a dhéanamh don mhúnlóireacht, don tsnoíodóireacht nó do theicníc thógála chuí ar bith. Ba chóir duit oibriú de réir scála, toisí a thaispeáint agus eolas cuí a thabhairt maidir leis na hábhair agus na teicnící a úsáidfear chun do dhearadh a chur i gcrích. |
| Ábhair | Páipéar, pinn, péint, etc., ábhair mhúnlóireachta agus uirlisí. |

| Ceist 11 | **Seiteanna Stáitse** |
|---|---|
| **Dearadh** | Dear **ceann amháin** díobh seo a leanas bunaithe ar an téama a roghnaigh tú:<br>• seit scannáin do scannán ficsean eolaíochta<br>• seit teilifíse do chlár ceoil<br>• seit stáitse do dhráma. |
| Treoracha | Ba chóir duit oibriú de réir scála, toisí a thaispeáint, agus eolas cuí a thabhairt maidir leis na hábhair agus na teicnící a úsáidfear chun do dhearadh a chur i gcrích. |
| Ábhair | Páipéar, pinn, péint, etc., cárta, ábhair dhearaidh agus uirlisí. |

Níl aon ábhar scrúdaithe ar an leathanach seo

Níl aon ábhar scrúdaithe ar an leathanach seo

Níl aon ábhar scrúdaithe ar an leathanach seo